
A Chomh-mhúinteoir, a chara,
Beannachtaí ó Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile. Tá súil againn go raibh sos iontach agat i rith an tsamhraidh agus go bhfuil tú féin agus na scoláirí ag socrú isteach go rathúil san athbhliain scoile. Guímid gach rath ar bhaill uile de phobal na scoile i mbliana. Go raibh maith agat as clárú le cor poist a fháil uainn agus ba bhreá linn an deis seo a thapú roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.

## Dátaí Do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 2025/26

Tá na socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa scoilbhliain 2025/26 foilsithe ag an CNCM. Tá siad ar fáil ag an nasc seo.

## Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2025/2026

Beidh eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) bunaithe ar Shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí ag tosú ón 6 lá de Dheireadh Fómhair 2025 ar aghaidh. Tá Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile ag súil go mór le bualadh le gach múinteoir sna míonna romhainn sna EFG seo.







## Acmhainní Tacaíochta CNCM


Mar eolas duit, tá fáil ar acmhainní nua bunaithe ar Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ciorclán 0070/2024) le rogha leathan tascanna chun freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí cruthaithe ag an CNCM ag an nasc seo.

# Sraith 'Bláthú Teanga í a Léamh'

Is mór linn a fhógairt go mbeidh sraith d'EFG, Bláthú Teanga í a Léamh, ar líne le leanúint ar aghaidh ón 9 Meán Fómhair 2025. Seo spléachadh ar dhea-chleachtas in ionramháil na dtéacsanna litríochta (Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, 2027 agus ina dhiaidh sin) i ranganna na hArdteistiméireachta. Beidh athchraoladh ar Bhláthú Teanga í a Léamh 1 bunaithe ar na téacsanna litríochta 'Deireadh na Feide' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh agus 'Cócó' le Máire Zepf le craoladh ar an 9 agus an 11 Meán Fómhair.

Ar an 16 agus an 18 Meán Fómhair, athchraolfar Bláthú Teanga í a Léamh 2, agus beidh 'Dínit an Bhróin' le Máirtín Ó Direáin chomh maith le 'Eoinín na nÉan' le ROSG Films mar ábhar an EFG sin. Craoladh an dá EFG seo go luath i 2025 ach beidh EFG nua sa tsraith seo i mbliana agus cuirfear tú ar an eolas fúthu go luath.
Tá gach eolas ag an nasc seo agus is féidir clárú ann.

Beimid ag leanúint leis an tsraith seo le Bláthú Teanga a 3 a bheidh le fógairt go luath.


Oide

'Bláthú Teanga í a Léamh...'

Beidh sraith d'eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar siúl faoin gCiorclán 0070/2024: Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus ina dhiaidh sin.

EFG Idirghníomhach ar Zoom* Líon teoranta áiteanna

Fiosrófar bealaí le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga le béim ar an gcur chuige comhtháite.

Spléachadh ar 'Cócó' agus 'Deireadh na Feide'

**Bláthú Teanga í a Léamh: 1**
**Spléachadh ar 'Cócó' agus 'Deireadh na Feide'**

| Dáta | Am |
|---|---|
| Dé Máirt 9 Meán Fómhair 2025* | 16:30-17:30 |
| Dé Máirt 9 Meán Fómhair 2025* | 18:30-19:30 |
| Déardaoin 11 Meán Fómhair 2025* | 16:30-17:30 |
| Déardaoin 11 Meán Fómhair 2025* | 18:30-19:30 |

*Is ionann ábhar na nEFGanna thuasluaite ar fad.

Cuir d'áit in áirithe do do rogha EFG **amháin** acu tríd an gcód MF a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar https://oide.ie/ga/muinteoiri/
Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais a iniúchadh roimh ré.

## Gaeilge sa tSraith Shinsearach - Tráinse a 4

Tá léiriú spéise á fhógairt ag CNCM do mhúinteoirí a bheith mar chuid de Mheitheal Forbartha don Ghaeilge sa tSraith Shinsearach, leis an spriocdháta 12 Meán Fómhair 2025. Is féidir teacht ar an bhfoirm tríd an nasc seo.

## Tionól Teagaisc 2025

Is cúis áthais d'Oide a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2025 ar siúl ar an 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Déan nóta den dáta i do dhialann agus scaip an scéal! 'Sé atá sa Tionól Teagaisc ná féile bhliantúil a chuireann Oide ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge T1 agus T2 ina ndéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus theagasc na Gaeilge. Seolfar tuilleadh eolais agus sonraí faoi chlárúcháin in am trátha.

## Fóram Feasa Beo 2025

Beidh ócáid foghlama agus líonraithe do mhúinteoiri agus do cheannairí scoile i nGaelcholáistí, i scoileanna Gaeltachta agus in Aonaid lán-Ghaeilge ar siúl ag BOOÉ i gcomhpháirtíocht le COGG i nGaelcholáiste Luimnigh, Dé Sathairn 20 Meán Fómhair 2025**.** Is féidir leat clárú ag an nasc seo.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*